C/2023/1012

16.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11347 - CARLYLE / GTCR / CAPTRUST)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1012)

1. An 8 Samhain 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— The Carlyle Group, Inc. ('Carlyle', SAM),

— GTCR, LLC ('GTCR', SAM),

— The Capfinancial Group, LLC ('CAPTRUST', SAM), faoi rialú GTCR.

Gheobhaidh Carlyle agus GTCR rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar CAPTRUST.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir malartach sócmhainní domhanda é Carlyle a bhfuil a cheanncheathrú aige i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus a bhainistíonn cistí lena ndéantar infheistíocht go domhanda sna réimsí seo a leanas: (i) Cothromas Príobháideach Domhanda; (ii) Creidmheas Domhanda; agus (iii) Réitigh Infheistíochta,

— Is cuideachta cothromais phríobháidigh é GTCR a bhfuil a cheanncheathrú aige i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus atá dírithe ar infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí fáis i dtionscal na Seirbhísí Airgeadais & na Teicneolaíochta, tionscal an Chúraim Sláinte, tionscal na Teicneolaíochta, na Meán & na Teileachumarsáide agus tionscal na Seirbhísí Gnó,

— Is comhairleoir infheistíochta cláraithe neamhspleách é CAPTRUST a bhfuil a cheanncheathrú aige sna Stáit Aontaithe agus a sholáthraíonn seirbhísí comhairleacha infheistíochta, bainistíochta sócmhainní agus pleanála do chliaint phríobháideacha agus d'infheisteoirí institiúideacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11347 - CARLYLE / GTCR / CAPTRUST

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË